

A-nois do críochnaigheadh cearchuill na cródhachta

[RIA 2 (23/F/16), 'O'Gara', 195]

Seaan Óg Ó Dalaigh cecinit

[Droighneach, Dán Díreach]

- 1 A-nois do críochnoighidh cearchuill na crodacht[a]  
a ndeaghthuinn a rolachta a síothbroighin na saoi[dh]eachta  
leis a mbúantamhu(i)n sí[h]e saoghalta  
(sé) a háondalta cíche iar ccuartughadh a caoilleaptha.
- 2 A measg Ghaoidheal ó nách fúair-sé a hiomchabhair  
tuidhoncolaidh [leg. tiomchalaidh?] an uaisle gus an áoinfhear gán anfoiger  
a rothoil don crodhacht a ccéill cuirfidher  
cluinfidhear aga fhéinn [ródhocht?] is ní rannfoighear.
- 3 Leantar an duthchus leis an ndreag(h)an oir(d)nighe  
cóillbhile cúlchas dá nach eagal ainbhfine  
ga hathbeoghadh na crodhachta do bhriochtgha balbhmhuire  
tadhuirre gan mórfholta lea ttiofca ar ttairngir[e].
- 4 Díarmuid Mhagh Cárthuigh a saoirbheangan saoirbheachta  
a háoinleannán draoigheachta le bhfaghtar gach órshompla  
crann baguir a n-aghuidh gach éindeacra  
don tréinealta do aduimh cobhair na cródachta.
- 5 Mar sin fúair a háoinshlighe go siorruidhe  
do-chúaidh dá díonfhairre gus an saoirbhile séimhidhe  
tug a cearto(i)l re hathuidh don áondhuine  
an saoruire don chathfhuil aga ccleachtadh ceilidhe  
an gríobh fhionnghlan lé bhfuil gach fáidhfhile  
a hiomdhagh a n-áirighe gur chuir go céillidhe.
- 6 Seabhac siobhlach tíre tairngire  
daighbhile sídhe dan diomdhach doirbfhine  
an chrodacht le bhfaghtar uaim gach fonnmhuighe  
ní bhfúair comhnuidhe gus an oincoin oirníghe.
- 7 Gearb fhada a hódhacht níor charuidh a cuid(h)eachta  
an chródhacht aidir gach druidealta ní gabaidh (?) re na groddhocra  
gur gh[e]abh gus an ngormdhearach gan uailf n-aigeanta  
ar feadh a faideachtra ní coimhleabhtach codolta.
- 8 Ar mac Diarmada ní bhí 'na bandeora[idh]  
mallsheoluigh a fhialbuga í dá mhínfeachuinn [leg. mhinn-?]  
lé a ghoire don chrodhacht d'aithle gach iombhualuidh  
a díolluaghail arna aithne da hodhacht dob indeanuim.
- 9 Gé tarla a chrodhacht le headh a n-áontughadh  
gur bhean a háontoghadh as an óghacht a heachtmhogha  
ag neach mur é úaidh níor an a chíochcara  
gruaigh mhíontana dar ghlan ré is réaltana.
- 10 Is í thug ó thoil a toil da tháobfhine  
glan an cháoilslighe nar gabh tar gach gráidhfhine  
mur sin do chuir go coimhghlic a díonfhairre  
ar an síodhuighe oirdhric léa bhfuil gach fáidhfhile  
tig an chrodhacht 'na ceann go céillidhe  
ceilidhe do bhfearr aga hodhacht a n-áirighe.
- 11 Anfuidh aige ní hadhbhar doimheanna

- aga [a?] hoileamhna don armghlan infeadhma  
cuirfidh an chródacht 'na comhluighe a comhardha  
comhumhla da hoghdhacht nach comhnuidhe cinneamhna.
- 12 Dagfhlaith oirdhric as féile ré fileadhuibh  
a ccéile don chineadhfhuil as foirmghlic oireamhuin  
cneas síthsheang nach dóigh do Dhanaruibh  
do daghfholuibh an tshlóidh as sírfhear oileamhuin.
- 13 Áonmhac Díarmada ar sáorbhile séanamhuil  
áonshlighe ar ttreandholuigh ar fhíalbhug(h)a an tsháorshlat shíothamhuil  
beithir an úair-se as féile re haoidhéadhuibh  
ar ccéile don stáoirfheaghuin as úaisle led fhíonoluibh.
- 14 Deaghshamhuil Ghuaire órthóir an fhíoroi(gh)nigh  
cíoghoighir an cróchsloidh as buaine fa bhuanfholuibh  
úa na ccaithbeodhamh as córa do Gháoidhealuibh  
flaithleoghan don tsháoirfeadhuin as crodha da g[c]ualabu[i]r.
- 15 Díarmuid Mhágh Carrthuigh ar ccáoimhchóill chubhruidhe  
ar n-aonchrainn chubhruidhe ar nach faghtuir ainbhfine  
cognach rioghmhac Ealla dh'ionghuire  
earra gach iorghuile dionshlat ar ndaingni-ne.  
ua na ccuradh leis nách omha[i]n oirbhire  
coillbhile toruigh Mumhan maighridhe.
- 16 Foghluidhe gach criche caithleoghan doghonta  
flaithbheódhamh somholta síthe soineannda [leg. -ta]  
aghuidh nár dá nach eagal anfholta  
dreag(h)on gan rodhocra do dháimh nach doimheallta.
- 17 Áonbhrat na suadh uaithe an fhíoroinigh  
a chíoghoigir bhúainte a gruadh mur an ngléighealuigh  
ag so mo ré iomshlán in gach [ao]indeabhuigh  
m'iomrádh do Gháoidhealuibh é tar gach éinfhedhuin. A-nois...